Alt
13-05-2024 - 14:07
20240508STO21424

Parlaimint na hEorpa

# 10 mbealach a d'fheabhsaigh Parlaimint na hEorpa do shaol le cúig bliana anuas

**Foghlaim faoin méid atá bainte amach ag Parlaimint na hEorpa le linn téarma reachtach 2019-2024.**



Feisirí ina suí sa sheomra tionóil in Strasbourg.

Ón athrú aeráide a chomhrac go coinníollacha oibre a fheabhsú, caith súil ar an léargas seo ar na príomhthionscnaimh atá tar éis tionchar a imirt ar do shaol.

### Tuilleadh eolais

Foghlaim conas is féidir leat do vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha agus sínigh suas chun meabhrúcháin a fháil fúthú

## 1. Téarnamh geilleagrach

Thug feisirí a gcuid tacaíochta do rialacha nua chun Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, plean téarnaimh COVID-19 dar luach €750 billiún, a bhunú. Cuirtear tacaíocht ar fáil do thíortha an Aontais ar mórscála i bhfoirm infheistíochtaí agus leasuithe chun tionchar geilleagrach agus sóisialta na paindéime a laghdú. Is fusa ullmhú do thodhchaí níos digití agus níos inbhuanaithe dá bharr.

## 2. Tacaíocht don Úcráin

Tá Parlaimint tiomanta do thacaíocht a thaispeáint don Úcráin ó thosaigh ionradh iomlán na Rúise uirthi. I measc na n-athruithe, rinneadh buiséad fadtéarmach an Aontais a leasú chun níos mó airgid a lonnú don Úcráin. Mar chuid den Saoráid don Úcráin, cuirfear €50 billiún ar fáil don Úcráin i bhfoirm iasachtaí (€33 billiún) agus deontas (€17 billiún).

## 3. Athrú aeráide

Ghlac Parlaimint Dlí Aeráide an Aontais ina leagtar síos spriocanna chun laghdú de 55% a dhéanamh ar líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030. Ina theannta sin, cuirtear ceangal dlí ar an Aontas glanastaíochtaí a laghdú go nialas faoin mbliain 2050.

Ón bpointe sin amach, thug feisirí a gcuid tacaíochta do mholtaí chun cinnte a dhéanamh de go mbaineann an tAontas Eorpach a spriocanna aeráide amach.

## 4. Gluaisteáin níos inbhuanaithe

Thug feisirí a gcuid tacaíochta do rialacha a deir nach mór do gach gluaisteán nua a dhíoltar ar mhargadh an Aontais astaíocht CO2 ar bith a ghiniúint faoin mbliain 2035.

## 5. Imirce

Ghlac Parlaimint leasú ar bhearta an Aontais maidir le himirce agus tearmann in 2024.

Faoi na rialacha seo, ní mór do gach tír san Aontas cabhair a thabhairt dá chéile i gcás mórphlódú imirceach. Is féidir leis na ballstáit cabhair a thabhairt tríd iarrthóirí tearmainn nó daoine a fhaigheann cosaint idirnáisiúnta a athlonnú, ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh nó trí thacaíocht oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil.

## 6. Geilleagar digiteach

Ghlac feisirí rialacha digiteacha nua chun timpeallacht a chothú ar líne atá níos sábháilte, níos trédhearcaí agus níos cothroime.

Is é is aidhm don Ionstraim um Margaí Digiteacha cothrom na féinne a chinntiú do gach comhlacht digiteach, is cuma cé chomh mór agus atá sé. Faoin rialachán seo, leagtar síos rialacha soiléire d’ardáin mhóra chun cosc a chur leo coinníollacha éagothroma a leagadh síos do ghnólachtaí agus tomhaltóirí.

Faoin Ionstraim um Margaí Digiteacha, tugtar níos mó smachta do dhaoine ar an méid a fheiceann siad ar líne: beidh eolas níos fearr ag daoine maidir le cén fáth a mholtar ábhar faoi leith dóibh. Beidh ar na meáin shóisialta aghaidh a thabhairt ar bhréagaisnéis agus ábhar mídhleathach a chomhrac.

# 7. Intleacht shaorga

D’fhormheas Parlaimint an Gníomh um an Intleacht Shaorga, a bhfuil sé mar aidhm aige sábháilteacht a chinntiú agus deimhin a dhéanamh de go gcloínn uirlisí AI le cearta bunúsacha. Ag an am céanna, leagtar béim ar inniúlacht a chur chun cinn san earnáil. Faoin rialachán seo, bíonn dualgaisí faoi leith ar chórais AI maidir leis na rioscaí agus an tionchar féideartha a bhaineann leis.

# 8. Luchtaire uilíoch

Ghlac Parlaimint bearta éagsúla chun dramhaíl a laghdú agus chun geilleagar ciorclach a chothú ina dhéantar amhábhair a athúsáid agus a athchúrsáil. I measc na mbearta seo, tá an port luchtaithe USB-C a dhéanamh ina chaighdeán nua do ghléasanna soghluaiste faoi dheireadh 2024. Rachaidh sé seo chun tairbhe tomhaltóirí agus déanfar costais a laghdú ag an am céanna.

# 9. Ceart chun deisiúcháin

D’fhormheas Parlaimint rialacha nua maidir leis an gceart chun deisiúcháin a bhfuil sé mar aidhm acu tomhaltas níos inbhuanaithe a spreagadh, trína dhéanamh níos éasca earraí lochtacha a dheisiú, dramhaíl a laghdú agus tacú le hearnáil an deisiúcháin.

# 10. Comhionannas pá

Tá sé de dhualgas ar chuideachtaí an Aontais eolas a nochtadh a chabhraíonn le fostaithe comparáid a dhéanamh idir thuarastail agus bearnaí pá idir na hinscní a thabhairt chun solais,

faoi reachtaíocht a d'fhormheas Parlaimint.



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu